

CRANN MÓR GIUSAIGHE

Tóigeadh giusach bhán as portach i gClochar a' Locha. Dhá bharr mhóra a bhí as a cionn. Baineadh deich gcúpla rataí as, ceithre troighthe déag go leith an ceann. Baineadh dhá fhuirinn taobhán as. Badh shin dhá sgór is ocht dtaobháin. Baineadh as an maide droma, an phéire ailéir agus a gcuid giarsaighe (joints), dhá dhoras shráide agus dhá dhoras sheomra, uirsinneacha, fordorais agus tairseacha, frámaí fuinneogaí- ceithre cinn, drisiúr, comhra, agus press d'fhan as cionn fiche troigh de bharr a mhaide ina dhiaidh, ina dhiaidh sin. Rinne péire matal as an barr sin, badh shin maide giúsaighe a raibh brigh ann.